



Deireadh na Feide

Freagraí Samplacha agus

Ceisteanna Scrúdaithe



Foghlaim



An Chomhairle um Oideachas
Gaeltachta & Gaelscolaíochta



Deireadh na Feide



Filíocht Ainmnithe (30 marc)

Deireadh na Feide

- (i) 'Tugtar léiriú dúinn sa dán ar **'chailliúint teanga agus ar chailliúint oidhreachta.'** 'É sin a phlé. (15 mharc)
- (ii) Déan plé ar an **úsáid a bhaineann an file as íomhánna** sa dán. (Is leor pointe amháin eolais as an dán mar thacaíocht le do fhreagra.) (6 mharc)
- (iii) Cé a chum an dán seo? Scríobh nóta gairid **ar shaol agus ar shaothar an fhile** sin. (9 marc)


Filíocht Ainmnithe (30 marc)

Deireadh na Feide

- (i) 'Tá **a lán ceachtanna staire** le feiceáil sa dán 'Deireadh na Feide.' É sin a phlé. (15 mharc)
- (ii) An **teideal oiriúnach** ar an dán é 'Deireadh na Feide', dar leat? (6 mharc)
- (iii) Cén chaoi **a ndeachaigh an dán seo i bhfeidhm ort?** (9 marc)



Deireadh na Feide




Filíocht Ainmnithe (30 marc)

Deireadh na Feide

- (i) 'Sa dán Deireadh na Feide baineann an file úsáid as scéal mhuintir Aas chun rabhadh a thabhairt do phobal na Gaeilge'. É sin a phlé. (15 mharc)
- (i) Déan plé ar **ghné amháin den dán a thaitin leat**. (6 mharc)
- (ii) 'Tá **díomá mhuintir Aas** le feiceáil go soiléir sa dán seo.' É sin a phlé. (9 marc)




Deireadh na Feide



Déan plé ar an léiriú a dhéanann an file ar chailliúint sa dán ‘Deireadh na Feide’.

Is dán lán le caillteanas agus le cailliúintí é an dán ‘Deireadh na Feide’ le hAilbhe Ní Ghearbhuigh. Leagann an file béim láithreach, ón gcéad véarsa, ar an mbrón a bhaineann le caillteanas. ‘Inniu féin/is cuimhin le muintir Aas/go mbíodh teanga/á feadaíl/ag na haoirí fadó’. Tá tábhacht leis an bhfocal ‘féin’ sa chéad abairt sin. Fiú sa lá atá inniu ann agus muintir Aas ag maireachtáil sa saol nua-aimseartha, le teicneolaíocht agus le gléasanna cumarsáide éagsúla, níl dearmad déanta acu ar an ‘teanga feadaíola’ a bhí ag a sinsir.

Tá áiféala i gceist agus iad ag cuimhneamh ar an teanga uathúil agus speisialta a chleacht siad nach bhfuil ar a dtoil acu féin anois. Fead speisialta ab ea í ‘a ghabh/bealach fuaime [agus a] d’iompair/nuacht an lae’. Níor thuig aon duine ‘lasmuigh den bparóiste’ í, rud a choinnigh muintir Aas sábháilte agus cosanta. Níor thuig muintir Aas tábhacht na teanga sin go dtí go raibh sí imithe i léig. Anois, tá cumha i ndiaidh na teanga feadaíola orthu.




Deireadh na Feide

Déan plé ar an léiriú a dhéanann an file ar chailliúint sa dán ‘Deireadh na Feide’.




Tá caillteanas le feiceáil ag deireadh an dáin agus tost Aas á chur in iúl ag an bhfile. Leis an ráiteas lom ‘[n]íor chualathas ó shin í’, leagann sí béim ar an gcailliúint ollmhór a bhí i gcailliúint na teanga feadaíola. Tuigeanann an pobal go bhfuil dlúthchuid féiniúlachta agus chultúrtha díbh ligthe le sruth acu agus nach mbeidh siad in ann breith arís uirthi.

Cé go ‘maireann sí i gcuimhne na ndaoine’, tá an teanga básaithe anois toisc nach bhfuil sé ‘ar chumas éinne/na fuaimeanna a aithris.’ Ní féidir an teanga a athbheochan ach an oiread, toisc nár ‘deineadh aon taifead’ uirthi. Is críoch lán le caillteanas agus le cumha í an chríoch seo a léiríonn tábhacht an chaomhnaithe agus leochaileacht na mionteangacha.



Deireadh na Feide



Ar thaitin an dán seo leat? Cén fáth?


Bhain mé fíorshult go deo as an dán ‘Deireadh na Feide’ ar an iliomad cúiseanna. Ar dtús, cheap mé go raibh an t-imeartas focal sa teideal an-chliste go deo. Is é ‘Deireadh na Feide’ teideal an dáin, rud a léiríonn easpa dóchais an fhile agus deireadh na ‘teanga feadaíola’ atá mar phríomhábhar an dáin féin. Mhúscail an teideal sin mo spéis láithreach.

Cé go bhfuil teanga an dáin seo simplí go leor, thaitin an stíl go mór liom. Tá úrsárú le feiceáil ar fud an dáin, rud a chuireann ceol, draíocht agus solúbthacht na ‘teanga feadaíola’ in iúl go fisiciúil agus go meafrach ‘fead a d’iompair/nuacht an lae/idir aoirí/agus na mná a d’oibrigh/sna goirt máguaird’. Ní úsáideann an file aon phoncaíocht agus í ag déanamh cur síos ar an bhfeadaíl a chuireann béim ar cheol na teanga. Chuaigh sin i bhfeidhm go mór orm.

Thaitin an úsáid a bhain an file as meafair sa dán liom go háirithe. Bhraith mé gur sheas ‘na haoirí’ a raibh an teanga feadaíola acu mar mheafar dóibh siúd a stiúraíonn agus a threoraíonn an pobal. Leis an teanga, bhí na haoirí i dtiúin lena bpobal agus lena dtírdhreach féin. Anois, agus an teanga cailte, tá muintir Aas fágtha gan treoír agus gan dóchas. Thaitin an meafar sin go mór liom.



Deireadh na Feide



Ní mór dom a rá go ndeachaigh an t-athrá a rinne an file ar an bhfocal ‘fead’ i bhfeidhm orm toisc gur sceith sé solas ar mhóorthéama an dáin, is é sin, go bhfuil féiniúlacht mhuintir Aas ar iarraidh anois agus feadaíl an phobail imithe i léig. Feidhmíonn úsáid an fhocail sin mar a bheadh macalla na feadaíola i gcluais an léitheora, rud a chuaigh i gcion go mór orm.


Déan plé ar an íoróin atá le sonrú sa dán ‘Deireadh na Feide’.

Is dán lán le híoróin é an dán ‘Deireadh na Feide’ agus is í úsáid na híoróine sa dán ceann de na gnéithe is spéisiúla agus is suntasaí ann.

Tá íoróin le feiceáil go láidir ó theideal an dáin gan trácht ar an dán féin. Tá imeartas focal le sonrú sa teideal ‘Deireadh na Feide’ a léiríonn easpa dóchais agus misnigh an fhile mar aon le deireadh theanga feadaíola mhuintir Aas. Tá seo íoróineach toisc go bhfuil an file ag caoineadh bhás na teanga mar aon le bás a misnigh agus a dóchais do mhionteangacha i gcoitinne.




Deireadh na Feide




Cuireann an file an íoróin in iúl ag tús an dáin le cuimhní mhuintir Aas ar theanga feadaíola a bhí ‘ag na haoirí fadó’. Is cuimhin leo í ach ní féidir leo í ‘a aithris’ níos mó. Tá íoróin láidir le sonrú anseo óir tá luach acu ar an teanga anois ach ní raibh siad airdeallach uirthi agus í fós beo. Tá sé íoróineach go ‘maireann [an teanga] i gcuimhne na ndaoine’ ach nach féidir leo í a labhairt níos mó.

Tá íoróin le feiceáil chomh maith san ‘f[h]ead a ghabh/bealach fuaime an ghleann/idir féarach is sráidbhaile’ ach nach bhfuil le cloisteáil a thuilleadh. Leagann an file béim ar sheiftiúlacht, ar sholúbthacht agus ar shofaisticiúlacht na teanga feadaíola atá anois marbh toisc nár ‘deineadh aon taifead’ uirthi.

Tá sé íoróineach gur choinnigh an teanga feadaíola ‘Giúdaigh slán ó chontúirt’ agus gur shábháil an teanga ‘píolótaí a bhí imithe amú’ ach níorbh fhéidir le muintir Aas an ‘teanga feadaíola seo’ a shlánú. Níor thuig siad luach na teanga go dtí go raibh sí imithe i léig agus, anois, ní féidir leo í a athbheochan nó a thabhairt ar ais. Dán lán le híoróin é a an dán seo dá bharr agus is léir gur teicníc fhileata an-chliste í sin a chuidíonn linn scéal brónach na ‘teanga feadaíola’ a thuiscint ar bhealach níos doimhne agus níos caolchúisí.





Idir na Línte

Foghlaim
TG4

Foghlaim
TG4

An Chomhairle um Oideachas
Gaeltachta & Gaelscolaíochta

